



An Bhruiséil, 7 Iúil 2023  
(OR. en)

11645/23

ENER 437  
ENV 830  
TRANS 303  
ECOFIN 760  
RECH 346  
CLIMA 348  
IND 377  
COMPET 743  
CONSOM 272  
DELECT 95

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	6 Iúil 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2023) 4376 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 4.7.2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe maidir le táirgeadh leithleach leictreachais agus teasa agus Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á cur i bhfeidhm

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 4376 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 4376 final



An Bhruiséal, 4.7.2023  
C(2023) 4376 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4.7.2023**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe maidir le táirgeadh leithleach leictreachais agus teasa agus Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á cur i bhfeidhm**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

#### Forais agus cuspóirí an Rialacháin Tarmligthe

De bhun Threoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh<sup>1</sup>, ní mór coigilteas fuinnimh phríomhúil a sholáthar le gléasraí comhghiniúna cumhachta agus teasa (CHP) atá níos mó ná 10 % i gcás scéimeanna atá os cionn 1 Mwe (nó níos mó ná 0 % i gcás scéimeanna beaga a bhfuil acmhainneacht níos lú ná 1 Mwe acu) chun go measfar gur gléasraí comhghiniúna ardéifeachtaí iad, nuair a dhéantar comparáid le giniúint leithleach leictreachais agus teasa.

Chun an coigilteas fuinnimh phríomhúil a ríomh, tá gá le luachanna éifeachtúlachta tagartha maidir le giniúint leithleach teasa agus leictreachais. I gcomhréir le hAirteagal 14(10) agus Iarscríbhinn II(f) a ghabhann leis an Treoir maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, tá an Coimisiún freagrach as obair a choimisiúnú chun meastachán a dhéanamh ar na luachanna sin bunaithe ar shonraí oibríochtúla. Tugtar de chumhacht don Choimisiún na luachanna tagartha sin a athbhreithniú in Airteagal 22(1) den Treoir maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

Bunaíodh na luachanna tagartha den chéad uair i gCinneadh 2007/74/CE ón gCoimisiún<sup>2</sup>. Ní mór na luachanna sin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun forbairtí teicneolaíochta a léiriú agus rinneadh athbhreithniú orthu faoi dhó: i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2011/877/AE ón gCoimisiún<sup>3</sup> agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402 ón gCoimisiún<sup>4</sup>. Tá na luachanna tagartha sa Gníomh Tarmligthe seo bunaithe ar staidéar arna choimisiúnú ag an gCoimisiún ‘Athbhreithniú ar na Luachanna Tagartha le haghaidh Comhghiniúint Ardéifeachtach (2022-2025)’<sup>5</sup>.

Cloíonn an Gníomh Tarmligthe leis na prionsabail ghinearálta a thagann as Treoir 2004/8/CE maidir le comhghiniúint a chur chun cinn bunaithe ar éileamh teasa úsáidigh sa mhargadh inmheánach fuinnimh<sup>6</sup>, ar rud é lena raibh gá le comhchuibhiú na luachanna éifeachtúlachta tagartha le haghaidh leictreachais agus teasa ionas go mbeadh feidhm ag an luach tagartha le haghaidh breosla ar leith agus bliain tógála ar leith maidir le gach Ballstát ar fud an Aontais. Coinnítear an ceanglas sin ar bun faoi Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

Ina theannta sin, ní mór luachanna tagartha a bheith bunaithe ar shonraí oibríochtúla faoi dhálaí réalaíochta le haghaidh gléasraí arna dtógáil ag rannpháirtithe an mhargaidh, in ionad a bheith bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn monaróirí, sonraí deartha nó tionscadail taighde. Is ann d’fhachtóirí éagsúla is cúis le difríochtaí idir an dearadh agus na sonraí oibríochtúla, amhail luaineachtaí sa lódphróifil, díghrádú feidhmíochta le himeacht ama, etc.

Cuirtear an Rialachán Tarmligthe in ionad Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402. Níl aon athrú ar na forálacha eile sa Rialachán, ós rud é go bhfuil siad ábhartha fós do chuspóirí an Rialacháin agus go bhfuil siad i gcomhréir leis an staidéar is déanaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar na luachanna tagartha maidir le táirgeadh leithleach teasa agus leictreachais.

<sup>1</sup> Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1.)

<sup>2</sup> IO L 32, 6.2.2007, lch. 183.

<sup>3</sup> IO L 343, 23.12.2011, lch. 91.

<sup>4</sup> IO L 333, 19.12.2015, lch. 54.

<sup>5</sup> <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/core/api/front/document/90120/download>

<sup>6</sup> IO L 52, 21.2.2004, lch. 50.

## **Gnéithe comhshaoil**

Tá an leasú ar an Rialachán i gcomhréir le spriocanna an bheartais fuinnimh agus aeráide le haghaidh 2030. Is í an chomhghiniúint an teicneolaíocht is éifeachtaí le haghaidh giniúint chomhuaineach teasa agus leictreachais, agus is féidir coigilteas fuinnimh phríomhúil agus tairbhí comhshaoil a sholáthar ar bhealach costéifeachtúil léi. Leis na leasuithe, cuirfear cosc ar infheistíochtaí i gcomhghiniúint ina n-úsáidtear breoslaí iontaise leachtacha nó soladacha<sup>7</sup> i saoráidí nua comhghiniúna. Is é gás nádúrtha an t-aon bhreosla iontaise is féidir a úsáid i ngléasraí comhghiniúna ardéifeachtaí. I gcásanna aeráide agus fuinnimh fadtéarmacha<sup>8</sup>, fuarthas amach go bhfuil úsáid gáis nádúrtha i gcomhghiniúint comhoiriúnach leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 agus le spriocanna 2030 an Aontais.

## **2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH**

### **Comhairliúchán le páirtithe leasmhara**

Ós rud é gur de chineál teicniúil é an Rialachán Tarmlichte seo, níor ghá measúnú tionchair ná comhairliúchán poiblí oscailte a dhéanamh sula ndéanfaí an Gníomh a leasú, mar is amhlaidh i gcás mórthionscnamh.

Seoladh an staidéar a luaitear thuas i mí an Mhárta 2021 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na luachanna tagartha maidir le táirgeadh leithleach teasa agus leictreachais. Iarradh ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara, trí Choiste na Treorach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, páirt a ghlacadh agus faisnéis a chur ar fáil. Eagraíodh trí cheardlann do pháirtithe leasmhara ar líne le linn an staidéir, an 15 Meitheamh, an 27 Meán Fómhair agus an 2 Nollaig 2021.

### **Achoimre ar na freagraí agus ar an dóigh ar cuireadh san áireamh iad**

Rinne na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara roinnt barúlacha agus moltaí maidir le torthaí an staidéir le linn na bpléití a reáchtáladh sna ceardlanna dá dtagraítear thuas, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- Ba cheart leanúint den phrionsabal go mbunaítear na luachanna tagartha do gach catagóir bhreosla ar bhonn aonair, rud a fhágann gur féidir comparáidí a dhéanamh idir na breoslaí comhchosúla chun coigilteas fuinnimh phríomhúil ó aonaid chomhghiniúna a chinneadh. Níl na luachanna tagartha do stáisiúin chumhachta gáis nádúrtha insroichte do ghléasraí a úsáideann breoslaí iontaise soladacha agus leachtacha.
- Ba cheart luachanna tagartha sonracha faoi chatagóirí breosla a bheith ag roinnt teicneolaíochtaí amhail gléasraí Timthrialla Orgánaigh den chineál Rankine (ORC) ina n-úsáidtear bithmhais agus breosla-chealla.
- I gcás gléasraí comhghiniúna atá in ann seirbhísí córais leictreachais a sholáthar trína n-oibriú solúbtha, ba cheart luachanna tagartha níos ísle a bhunú.
- I gcás roinnt foinsí fuinnimh, amhail bithmhais, hidrigin, leictribhreoslaí, dramhaíl agus dramhtheas, rinneadh barúlacha maidir leis na luachanna tagartha atá beartaithe, go príomha mar gheall ar a leibhéal agus raon feidhme a gcur i bhfeidhm. Mar shampla, moladh an méid seo a leanas:

<sup>7</sup> Cé is moite de dhramhaíl agus iarmhair neamh-inathnuaithe.

<sup>8</sup> SWD(2020) 176 final

- Ba cheart fochatagóir ar leith ag a bhfuil luachanna tagartha níos ísle a bheith ann maidir le gléasraí ORC ina n-úsáidtear bithmhais;
- Ba cheart luachanna tagartha níos ísle a bheith ann maidir le gléasraí bithfhuinnimh a bhfuil acmhainneacht níos lú na 20 M<sub>wel</sub> acu;
- Ba cheart a luachanna tagartha féin a bheith ag breosla-chealla;
- Ba cheart na luachanna tagartha céanna a bheith infheidhme maidir le hidrigin arna trádáil agus atá infheidhme maidir le hidrigin nuair is fotháirge den phríomhghníomhaíocht í sin;
- Tá an luach tagartha cumhachta 30 % atá ann faoi láthair maidir le dramhtheas ró-ard i gcás roinnt feidhmeanna.
- Ba cheart cur chuige níos mionsaothraithe a thabhairt isteach le haghaidh fachtóirí ceartúcháin maidir le haisfhilleadh comhdhlútháin. D'fhéadfadh gal a bheith ar cheann de na haschuir do thomhaltóirí tionsclaíocha. Nuair a thagann sé sin ar ais ó na tomhaltóirí, tagann sé ar ais mar uisce (comhdhlúthán) agus thart ar 10-16 % den fhuinneamh iomlán a bhí ann ar dtús laistigh den ghal. Dá bhrí sin, le haisfhilleadh comhdhlútháin uasmhéadaítear an eastóscadh fuinnimh ó ghal chun éifeachtúlacht a fheabsú agus riachtanais ionchuir a laghdú.

Mar thoradh ar na moltaí sin:

- Cuireadh soiléirithe breise ar fáil i dtuarascáil an staidéir chun míniú a thabhairt ar an gcúlra a bhaineann le luach tagartha aonair a úsáid do gach breosla iontaise agus cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de chun na luachanna tagartha a bhunú.
- Ní chuirfear oibriú solúbtha na ngléasraí comhghiniúna san áireamh agus an coigilteas fuinnimh phríomhúil á ríomh.
- Maidir le barúlacha a bhaineann le luachanna tagartha is infheidhme maidir le foinsí fuinnimh aonair, cuireadh soiléirithe breise ar fáil. Maidir leis an luach tagartha atá beartaithe le haghaidh dramhtheasa, íslíodh na luachanna tagartha i gcás dramhtheasa go teocht faoi bhun 200 °C.
- Maidir le haisfhilleadh comhdhlútháin, moladh gan an cur chuige reatha a athrú trínar féidir leis na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir lena modhanna náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an aisfhilleadh comhdhlútháin.

Foilsíodh an dréacht-togra ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr chun aiseolas a fháil ón bpobal ón 2 Nollaig 2022 go dtí an 30 Nollaig 2022. Fuarthas 14 bhfreagra san iomlán: 8 bhfreagra ó chomhlachais ghnó (lena n-áirítear 4 eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar a mbaill ar leibhéal an Aontais), 2 fhreagra ó chuideachtaí aonair, 2 fhreagra ó údaráis phoiblí, 1 fhreagra ó eagraíocht neamhrialtasach agus 1 fhreagra ó shaoránaigh de chuid an Aontais. I measc na bhfreagróirí, ba iad an tSeicia (4 fhreagra), an Pholainn (3) agus an Fhionlainn (2) na Ballstáit is mó a ndearnadh ionadaíocht orthu. Sna barúlacha, iarradh soiléiriú breise nó athruithe breise:

- I gcás gléasraí comhghiniúna a bhreoslaítear le breoslaí iontaise soladacha agus leachtacha agus a bheidh níos sine ná 10 mbliana in 2024, na luachanna tagartha a bhí i bhfeidhm go dtí mí na Nollag 2023 a chur i bhfeidhm (ó 9 bhfreagróir).
- Déantar rialáil leordhóthanach ar an tsaincheist sin cheana féin sa ghníomh tarmligthe, go háirithe in Airteagal 3(2). De réir na míre seo, beidh feidhm ag na

luachanna tagartha nua is infheidhme ón 1 Eanáir 2024 maidir le haonaid chomhghiniúna atá 10 mbliana d'aois nó níos sine ón 1 Eanáir 2034. Dá bhrí sin, is iad na haonaid chomhghiniúna a úsáideann breoslaí iontaise soladacha nó leachtacha agus a dhéanfar a choimisiúnú tar éis 2020 a ndéanfar an difear is mó dóibh. Mar sin féin, in obair ullmhúcháin an ghnímh tharmligthe seo, níor sainithníodh na haonaid sin d'ainneoin na n-iarrachtaí chun iad a aimsiú.

- Déantar modhnú beag ar aithris ina mínítear úsáid na luachanna tagartha d'aonaid chomhghiniúna atá níos sine.
- Ba cheart na luachanna tagartha don hidrigin arna trádáil agus don hidrigin iarmharach a bheith mar an gcéanna agus gan athrú (6 fhreagróir), ós rud é nach bhfuil na luachanna tagartha atá molta bunaithe ar shonraí oibríochtúla.
- Is minic a dheartar aonaid chomhghiniúna gáis nádúrtha le bheith 'réidh le haghaidh hidrigine' cheana féin. Ciallaíonn luach tagartha níos ísle maidir le hidrigin go mbeidh an luach tagartha comhcheangailte níos lú i gcás aonaid gáis nádúrtha a úsáideann hidrigin mar dhara breosla. Maidir le haonaid a úsáideann breoslaí éagsúla, is meánluach ualaithe é an luach tagartha, bunaithe ar scaireanna aonair gach breosla a úsáidtear in aonad comhghiniúna. Dá bhrí sin, is iomchuí luach tagartha ar leith a shocrú le haghaidh hidrigin arna trádáil chun laghdú indíreach a sheachaint ar na héilimh éifeachtúlachta fuinnimh maidir le haonaid chomhghiniúna nua.
- Níor athraíodh an dréachtghníomh tarmligthe bunaithe ar an aiseolas sin.
- Ba cheart luach saothair a thabhairt as solúbthacht na n-aonad comhghiniúna i bhfoirm fachtóra ceartúcháin shonraigh. Cuirfidh an Coimisiún anailís ar aghaidh ina bhféachfar ar an tsaincheist shonrach sin agus tabharfaidh sé isteach fachtóir ceartúcháin sa chéad athbhreithniú eile nuair is ábhartha (2 fhreagróir).
- Faoi láthair níl cruthúnas leordhóthanach ann nach bhféadfadh gléasraí comhghiniúna an ceanglas maidir le Coigilteas Fuinnimh Phríomhúil a chomhlíonadh mar gheall ar a n-oibriú solúbtha.
- Le dearadh an mhargaidh leictreachais, ba cheart comharthaí iomchuí a chur ar fáil chun oibriú solúbtha na ngléasraí comhghiniúna a spreagadh.
- Cuirtear isteach aithris shonrach ina gcuirtear i dtábhacht an gá leis an ngné sin a chur san áireamh sa chéad athbhreithniú eile.
- Ba cheart na luachanna tagartha le haghaidh dramhaíola (catagóir bhreosla S6) a bheith níos airde (2 fhreagróir).
- Cé go raibh teorainn le sonraí oibríochtúla na bplandaí sin a bailíodh le linn na hoibre ullmhúcháin, ní dheimhnítear leo gurb iomchuí luach tagartha níos airde.
- Níor athraíodh an dréachtghníomh tarmligthe bunaithe ar an aiseolas sin.
- An t-aistriú ó bhithghás go bithmheatán a spreagadh trí bhíthin luachanna tagartha ós rud é go bhfuil sé ar cheann de na huailmhianta sa Teachtaireacht REPowerEU (1 fhreagróir).
- Is beart indíreach chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin é idirghabháil rialála trí ghníomh tarmligthe maidir le luachanna tagartha. Is bearta níos iomchuí iad sásraí margaidh chun uasghrádú bithgháis go bithmheatán a spreagadh.
- Níor athraíodh an dréachtghníomh tarmligthe bunaithe ar an aiseolas sin.

- Dífreáil an luacha tagartha le haghaidh gáis nádúrtha bunaithe ar mhéid na n-aonad comhghiniúna agus tabhairt isteach dhá chatagóir: os cionn agus faoi bhun 100 Mwe<sub>el</sub> (1 fhreagróir).
- In obair ullmhúcháin an ghnímh tharmligthe, níor aimsíodh fianaise leordhóthanach chun údar a thabhairt le deighilt na gcatagóirí.
- Níor athraíodh an dréachtghníomh tharmligthe bunaithe ar an aiseolas sin.

### **3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE**

#### **Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe**

Leis an Rialachán Tarmligthe, cuirtear tacar nua luachanna tagartha ar fáil maidir le táirgeadh leithleach teasa agus leictreachais a bheidh le húsáid ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

Leis an Rialachán Tarmligthe chomh maith, tugtar na luachanna tagartha maidir le táirgeadh leithleach teasa agus leictreachais cothrom le dáta, agus ceartaítear foinsí nua fuinnimh mar aon le cuid de na luachanna tagartha atá ann faoi láthair.

#### **Bunús dlí**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán Tarmligthe seo a ghlacadh le hAirteagal 14(10) agus Airteagal 22(1) den Treoir maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

#### **Prionsabal na comhréireachta**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an Rialachán Tarmligthe seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóir a ghnóthú. Tá an Rialachán Tarmligthe i bhfoirm Rialacháin leasaithe, atá infheidhme go díreach i ngach Ballstát. Áirithítear leis sin nach dtabhóidh údarais riaracháin náisiúnta agus údarais riaracháin an Aontais Eorpaigh aon chostas as an reachtaíocht a thrasú sa reachtaíocht náisiúnta.

#### **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán Tarmligthe. Ós rud é go leasaítear leis an Rialachán Tarmligthe an Rialachán atá ann cheana, is é sin an t aon ionstraim iomchuí.

#### **Impleachtaí buiséadacha**

Níl aon impleacht ag an Rialachán Tarmligthe maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh.

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 4.7.2023

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe maidir le táirgeadh leithleach leictreachais agus teasa agus Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á cur i bhfeidhm**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE<sup>1</sup>, agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 14(10) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402<sup>2</sup>, bunaíodh luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe athbhreithnithe maidir le táirgeadh leithleach leictreachais agus teasa, mar mhaitrís luachanna arna ndifreáil le fachtóirí ábhartha, lena n-áirítear bliain tógála agus cineálacha breosla agus arna gcomhlánú le fachtóirí ceartúcháin maidir le meánstaid aeráide agus cailleanais ón eangach arna seachaint.
- (2) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe sin ('an t-athbhreithniú') maidir le táirgeadh leithleach leictreachais agus teasa, agus sonraí ó úsáid oibríochtúil faoi choinníollacha réalaíocha arna soláthar ag na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara á gcur san áireamh. Mar thoradh ar fhorbairtí sa teicneolaíocht is fearr atá ar fáil atá inchosanta ar bhonn eacnamaíoch, arna breathnú le linn na tréimhse athbhreithnithe ó 2016 go 2021, ba cheart an t-idirdhealú a rinneadh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402 a bhaineann le bliain tógála aonaid chomhghiniúna a choinneáil ar bun i ndáil leis na luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe maidir le táirgeadh leithleach leictreachais.
- (3) Léiríodh san athbhreithniú gur gá breoslaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh, ar breoslaí agus teicneolaíochtaí iad a d'fhéadfaí a úsáid ar bhonn níos leithne nó a d'fhéadfaí a thabhairt isteach sa chomhghiniúint. Dá bhrí sin, ba cheart an liosta foinsí fuinnimh a bhfuil luachanna tagartha sonracha acu a leathnú chun leictreagháis agus hidrigin arna trádáil a áireamh freisin. A mhéid a bhaineann le hidrigin arna trádáil, ba cheart luachanna tagartha ar leith a shocrú chun éifeachtúlacht na húsáide hidrigine in aonaid mhóra chomhghiniúna a mhéadú.
- (4) Tacaíonn an t-athbhreithniú le luach tagartha aonair a úsáid maidir le táirgeadh leithleach leictreachais le haghaidh gach breosla iontaise, bunaithe ar úsáid gáis nádúrtha i stáisiúin cumhachta gástuirbín comh-thimthrialla. Níl tógáil aonad

<sup>1</sup> IO L 315, 14.11.2012, lch. 1.

<sup>2</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2015 lena n-athbhreithnítear luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe maidir le táirgeadh leithleach leictreachais agus teasa agus Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á cur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/877/AE ón gCoimisiún (IO L 333, 19.12.2015, lch. 54).

comhghiniúna nua ina n-úsáidtear breoslaí iontaise leachtacha nó soladacha nó i gcomhréir le cuspóirí fadtéarmacha bheartas fuinnimh agus aeráide an Aontais. Dá bhrí sin, chun athruithe cúlghabhálacha a sheachaint maidir le scéimeanna atá ann faoi láthair, ba cheart na luachanna tagartha a thabhairt cothrom le dáta agus ba cheart iad a bheith infheidhme maidir leis na haonaid chomhghiniúna nua agus nó aonaid atá athchóirithe go substaintiúil a ídionn breoslaí iontaise agus a chuirfear chun feidhme ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

- (5) Léiríodh san athbhreithniú nár cheart na luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe maidir le táirgeadh leithleach teasa a athrú ach amháin a mhéid a bhaineann le breoslaí iontaise. Bunaítear an tacar nua luachanna tagartha le haghaidh breoslaí iontaise ar bhonn coirí teasa amháin a úsáideann gás nádúrtha agus ba cheart feidhm a bheith acu maidir le haonaid nua nó le haonaid atá athchóirithe go substaintiúil chun teas a tháirgeadh ar leithligh a chríochnófar ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.
- (6) Is gá dálaí cobhsaí a bheith ann le haghaidh infheistíocht sa chomhghiniúint, mar aon le muinín leanúnach na n-infheisteoirí, dá bhrí sin is iomchuí luachanna tagartha comhchuibhithe a shocrú le haghaidh leictreachais agus teasa.
- (7) Ceann de chuspóirí Threoir 2012/27/AE is ea an chomhghiniúint a chur chun cinn chun fuinneamh a shábháil, dá bhrí sin ba cheart dreasacht a dheonú chun aonaid chomhghiniúna níos sine a aisfheistiú chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Chun an dreasacht sin a sholáthar, agus i gcomhréir leis an gceanglas go mbeidh na luachanna tagartha éifeachtúlachta comhchuibhithe bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach i bpointe (f) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/27/AE, ba cheart na luachanna tagartha éifeachtúlachta don leictreachas is infheidhme maidir le haonad comhghiniúna a mhéadú ón 11ú bliain tar éis bhliain a thógtha de réir na rialacha in Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402.
- (8) Tá méadú ag teacht ar an tábhacht a bhaineann le giniúint theirmeach i dtaca le slándáil, athléimneacht agus solúbthacht an chórais fuinnimh. D'fhéadfadh athrú teacht ar oibriú roinnt córas comhghiniúna chun slándáil an tsoláthair, solúbthacht nó seirbhísí coimhdeacha a sholáthar don chóras leictreachais, ag brath ar an bhfeidhm. Sna hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402, féachfar ar éabhlóid na leibhéal éifeachtúlachta, ós rud é nach mór oibriú gléasraí cumhachta teirmí a oiriúnú chun go mbeidh siad níos solúbtha mar fhreagairt ar an eadrannacht cumhachta in athnuaite agus ar leictriú ar thaobh an éilimh.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402 a leasú dá réir,  
TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2402 mar a leanas:

cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I agus II;

cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4.7.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
*Ursula VON DER LEYEN*